Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach ARTS in Junior CYCLE

Ceol na teanga

Fómhar 2019 - Ceardlanna Roghnacha do Mhúinteoirí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

DÁTA & AM	TEIDEAL NA CEARDLAINNE	IONAD NA CEARDLAINNE	EALAÍONTÓIR / ÉASCAITHEOIR
14ú Meán Fómhair 10.00 Clárú/ Caife 10.30 – 4.00	**Cruthú – Taibhiú – Saibhriú!** (Lúibíní agus Agallaimh Bheirte) SSM i gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge	**Ionad Oideachais na Carraige Duibhe,** Ascaill na Cille, Co. Átha Cliath. A96 EW01	**Ray Mac Mánais**
21ú Meán Fómhair 10.00 Clárú/ Caife 10.30 – 4.00	**Filíocht ó Bhéal (Rapfhilíocht)*** Filíocht ó bhéal SSM i gcomhpháirt le hÉigse Éireann/ IMRAM	**Ionad Oideachais Luimnigh** Bóthar Thuar an Daill, Tuar an Daill. V94 HAC4	**Séamus Barra Ó Súilleabháin** agus **Slavek Kwi**
28ú Meán Fómhair 10.00 Clárú/ Caife 10.30 – 4.00	**Cruthú – Taibhiú – Saibhriú!** (Lúibíní agus Agallaimh Bheirte) SSM i gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge	**Áras na nGael,** 45, Sráid Doiminic, Gaillimh H91 E1NY	**Ray Mac Mánais**
5ú Deireadh Fómhair 10.00 Clárú/ Caife 10.30 – 4.00	**An Fhilíocht – Súil Eile** SSM i gcomhpháirt le hÉigse Éireann	**Ionad Oideachais Shligigh,** Campas IT Shligigh. F91 WFW9	**Áine Ní Ghlinn**
19ú Deireadh Fómhair 10.00 Clárú/ Caife 10.30 – 4.00	**An Fhilíocht – Súil Eile** SSM i gcomhpháirt le hÉigse Éireann	**Ionad Oideachais Laoise,** Bóthar Bloic, Port Laoise. F32 KP26	**Áine Ní Ghlinn**
16ú Samhain 10.00 Clárú/ Caife 10.30 – 4.00	**Filíocht ó Bhéal (Rapfhilíocht)*** Filíocht ó bhéal SSM i gcomhpháirt le hÉigse Éireann/ IMRAM	**Ionad Éigse Éireann (Poetry Ireland)** 11 Cearnóg Parnell Thoir, BÁC 1 D01 ND60	**Séamus Barra Ó Súilleabháin** agus **Slavek Kwi**

De bharr go bhfuil teorainn le líon na rannpháirtithe sna ceardlanna, iarraimid go ndéanfaidh Príomhoide na scoile (nó a ainmní), seachas múinteoirí aonair, an clárú a chomhlíonadh ar líne ag **www.jctregistration.ie**

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM),
Ionad Oideachais Mhuineacháin, Cnoc an Chonnaidh, Bóthar Ard Mhacha, Muineachán,
Co. Mhuineacháin, Éire.
Teil: +353 47 74008 R-phost: info@jct.ie
@JCforTeachers

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017–2022
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí Junior CYCLE for teachers
Monaghan Education Centre
ATECI

Tá lúcháir ar an gClár Éire Ildánach (2017-2022) agus ar Sheirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) ceardlanna FGL roghnacha do mhúinteoirí a chur ar fáil chun tacú leis na healaíona agus le próiseas na foghlama sa tSraith Shóisearach. Tá na ceardlanna Gaeilge seo fóirsteanach dóibh siúd atá ag múineadh i scoileanna T1 nó i scoileanna T2.

Tá prionsabail agus príomhscileanna an Chreata don tSraith Shóisearach (2015) go smior sna ceardlanna seo agus cuirtear modheolaíochtaí praiticiúla, cruthaitheacha don seomra ranga faoi bhráid múinteoirí lena linn. Tá an tionscnamh seo faoi anáil na bprionsabal a léiritear i gCairt na nEalaíon san Oideachas (2012) agus Clár Éire Ildánach 2017-2022 – Colún 1: Leanaí agus an Óige. D'eascair sé as tionscnamh comhpháirtíochta píolótach idir An Chomhairle Ealaíon agus SSM ar cuireadh tús leis sa bhliain 2014.

Filíocht: Súil Eile
Le hÁine Ní Ghlinn

Tá taithí as cuimse ag an bhfile agus scríbhneoir aitheanta Áine Ní Ghlinn ar a bheith ag obair le scoláirí iar-bhunscoile, chun dúil s'acu a mhuscailt san fhilíocht i gcoitinne agus á spreagadh chun peann a chur le pár.

Roinnfidh Áine a cuid scileanna agus saineolais i rith na ceardlainne seo. Cothóidh sí eispéireas comhoibríoch ina dtiocfaidh na rannpháirtithe ar bhealaí nuálacha chun tacú le scoláirí dul i ngleic leis an bhfilíocht dualgais agus chun iad féin a chur in iúl go cruthaitheach trína gcuid dánta féin a scríobh.

Cruthú - Taibhiú - Saibhriú
(Lúibíní agus Agallaimh Bheirte)
Le Ray Mac Mánais

Dhá thaibhealaíona ársa atá sna Lúibíní agus Agallaimh Bheirte ina mbíonn imeartas focal agus caint dheisbhéalach i lár an aonaigh. Bainfidh tú idir thaitneamh agus thairbhe as an gceardlann seo le máistir na lúibíní agus na n-agallamh beirte, Ray Mac Mánais, agus tú tumtha i réimse den chultúr Gaelach atá á chleachtadh go tréan ag an bpobal teanga idir óg agus aosta.

Le linn na ceardlainne, rachfar i ngleic leis na gnéithe éagsúla a bhaineann le lúibíní agus agallaimh bheirte a chumadh agus aithris os ard a dhéanamh ar shaothar réamhullmhaithe. Tríd an bpróiseas seo, gheobhaidh tú léargas ar ról an dá sheoid seo den litríocht bhéil i bhforbairt scileanna teanga comhtháite: an scríbhneoireacht chruthaitheach, dréachtú, léamh siar, athdhréachtú, labhairt, idirghníomhú agus taibhiú. Bronnfar cnuasach téacsanna litíochta béil ar rannpháirtithe na ceardlainne ar féidir a úsáid chun scoláirí a spreagadh sa seomra ranga.

Filíocht ó bhéal ('Rapfhilíocht')
Le Séamus Barra Ó Súilleabháin agus Slavek Kwi

I láthair na huaire, tá aird ar an bhfilíocht ó bhéal ag fás i measc ghlúin úr filí a dhéanann a gcuid féin den ealaíon seo. Ar dhuine den scata seo tá Séamus Barra Ó Súilleabháin, éascaitheoir na ceardlainne seo. I dteannta Shéamuis Bharra, tiocfaidh tú ar bhealaí nuálacha chun scileanna cumarsáide na scoláirí a fhorbairt. Mar chuid den phróiseas seo, tabharfaidh Slavek Kwi, ealaíontóir fuaime de bhunadh na Seice, tú ar chlos-aistear a bheidh ina spreagthach don chumadóireacht chruthaitheach. Bronnfar cóip de roinnt de na fuaimrianta ar rannpháirtithe le n-úsáid ina seomraí ranga féin chun scoláirí a ghríosadh chun cumtha/taibhithe.

*Beidh an cheardlann seo á reachtáil go dátheangach: Gaeilge agus Fraincis. Tá sí dírithe ar mhúinteoirí Gaeilge agus beidh suim ar leith acu siúd a bhfuil Fraincis acu chomh maith.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers
Monaghan Education Centre
ATECI